# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 28 Márta – 3 Aibreán 2026**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 29 Márta ar a 9.00rn**
**Intinn:** Mary Murphy, Baile an Ghleanna, C.M. agus a fear céile, Michael C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 29 Márta ar a 10.00rn**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eoghan Ó Cadhla 087-6951318

## Searmanais na Cásca 2026

**Déardaoin na Comaoineach, 2 Aibreán**
Séipéal Naomh Uinseann ag 8.00in
**Aoine an Chéasta, 3 Aibreán**
Séipéal Naomh Uinseann ar a 3.00in
Séipéal Naomh Gobnait ar a 5.00in
Séipéal na Carraige – Dráma na Páise 8.00in
**Bigil na Cásca, 4 Aibreán**
Séipéal na Carraige – 8.00in
**Domhnach Cásca, 5 Aibreán**
Séipéal Naomh Uinseann ar a 10.00rn

**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn
**Séipéal na Carraige,**
Dé Máirt 9.30rn

**Adhradh na Naomhshacraiminte i Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain, 30 Márta: 7.00 - 9.30rn
Déardaoin, 2 Aibreán: 8.30 – 10.00rn

**Guí an Phobail**
Síghle Mhic Gearailt (Ní Chinnéide), Baile Átha Cliath agus Baile an Mhórdhaigh a fuair bás le déanaí.

**Boscaí Trócaire**
Is féidir na Boscaí Trócaire a thabhairt thar nais go dtí na séipéil.

**Aifreann an Chriosma**
Beidh Aifreann an Chriosma ar siúl in Ardeaglais Naomh Muire i gCill Áirne, Dé Máirt, 31 Márta ar a 7.00in. Soláistí tar éis Aifrinn i gColáiste Bhréanainn. Fáilte roimh chách.

**Clúdaigh na Cásca agus Ofráil an Earraigh**
Tá Clúdaigh na Cásca agus clúdaigh do Ofráil an Earraigh curtha amach anois. Buíochas le gach uile dhuine a thugann amach na clúdaigh agus na daoine a bhíonn chomh fial leis an gciste seo, is do thuarastal na sagart na síntiúis seo. Go gcuití Dia go fial libh.

**Bailiúchán Speisialta**
Beidh bailiúchán speisialta ar mhaithe le tuarastal na sagart ann Satharn agus Domhnach Cásca, 4/5 Aibreán. Is féidir na clúdaigh do Ofráil na Cásca a chur sa bhailiúchán seo. Beidh an bailiúchán seo ann tar éis Comaoineach.

**Oilithreacht go Avellino, San Giovanni Rotondo agus Pompeii,** 25 Lúnasa – 1 Meán Fómhair 2026. Stiúrthóir Spioradálta An tAthair Eoghan. Gach eolas ó Ann Fehan 087-2738103.

**Iniúchadh Cosanta na Deoise**
Gabhann Coiste Cosanta na Deoise buíochas le gach duine a chabhraigh leis an iniúchadh cosanta bliantúil a deineadh i ngach paróiste. Tá na torthaí ar fáil ar www.dioceseofkerry.ie.

**Machnamh**

*An Chéad Léacht* (Íseáia 50:4-7). Seo é dara hamhrán ghiolla an Tiarna (mar a thugtar orthu) as ceithre chinn díobh. (Na cinn eile Íseáia 42:1-4; 49:1-6; 52:13-53:12.) Ní fios go beacht cérb é an duine a bhí in aigne an fháidh nuair a chum sé na duanta seo: an bhfuil sé ag labhairt iontu faoina phearsa féin, ag pearsanú Iosrael, nó faoi dhuine fós le teacht. Is cuma faoin cheist áirithe seo. Is léir go bhfuil siad fíoraithe in Íosa Críost, ina bheatha agus ina bhás agus aiséirí. Cuireann an duan seo síos go hálainn agus go beacht ar a phearsa agus ar an mhisean a bhí aige. Bhí an bua ó Dhia aige fulaingt agus tuiscint a bheith aige dóibh siúd a bhí á chéasadh nó a bhí traochta. Fulaingaíonn sé go foighdeach an méid is toil le Dia a chur air, agus muinín iomlán aige as Dia go mbeidh toradh ar a shaothar.

**Seanchas faoi Pháis ár dTiarna**

Ach lá mór bairneach gan dabht ab ea Aoine an Chéasta agus lá mór eile ab ea é, lá mór paidreacha ab ea é. Bhí cuid desna daoine agus ní labhraidís aon fhocal le éinne dhá gcomharsain óna dó dhéag go dtína trí a chlog agus thugaidís turas ar an sáipéal. Ní bheadh aon ghnó agat dul go dtí siúinéir an uair sin chun comhra a dhéanamh Aoine an Chéasta mar ní bhuailfí aon tairne in aon chor Aoine an Chéasta agus ní dóigh liom gur lú a dhéanfaí ná ní mharódh an búistéir mart Aoine an Chéasta…. Deir daoine eile agus scéalta eile gu'b í an rilleogach a bhíonn ag fás ar na portaithe a bhí ina chrann mhór an uair sin agus gur as an gcrann san a deineadh an chros. Agus riamh ó shin tá náire ar an gcrann san. Agus níor fhás sé ina chrann mhór ó shin ach cuireann sé gas aníos anso is ansúd ach bíonn na préacha go léir ag rith fé thalamh. Agus tá sé mar sin riamh ó shin, nár fhás sé suas ina chrann mhór. (Sliocht ó 'Joe Daly anso sa Chúinne' le Joe Daly in eagar ag Pádraig Seosamh Ó Dálaigh)

## Nóibhéine don dTrócaire Diaga

Beidh Féile na Trócaire Diaga á ceiliúradh ar an nDomhnach, 12 Aibreán. Mar ullmhúchán don bhféile tosnóidh an Nóibhéine don dTrócaire Diaga ar Aoine an Chéasta, 3 Aibreán. Beidh bileoga sna séipéil.

**Bhrúcht Féile na Trócaire ó dhoimhne mo chneastachta. Is é mo mhian go gceiliúrfar í go sollúnta ar an gcéad Domhnach tar éis na Cásca. Ní bheidh síocháin ag an gcine daonna go gcasa siad chun Foinse mo Thrócaire (699).**

*(Ó Dhialann Naomh Fabhstína, 1905-1938)*

**Glaochanna Comaoineach na Cásca**

| | |
|---|---|
| Dé Luain, 30 Márta | Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin |
| Dé Céadaoin, 1 Aibreán | Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin |

**Brú na Gráige**

Sladmhargadh i mBrú na Gráige. Tá teaghlaigh/grúpaí suas le 24 duine ceadaithe. Seacht oíche ar €200 do Aibreán, Bealtaine agus Meán Fómhair. Breis eolais le fáil ón Athair Tomás Ó Murchú (021) 4771710 nó (087) 2903913.

**Ciste an Pharóiste € 885.00**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –

**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie